BowelScreen

An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

Cáirt Scagthástála

Faoi BowelScreen – An Clár Náisiúnta Scagthástála Inne

- Tairgeann BowelScreen – An Clár Náisiúnta Scagthástála Inne scagthástáil inne saor in aisce d'fhir agus do mhná d'aois 60 go dtí 69. Le himeacht ama tairgfear an clár BowelScreen do gach duine d'aois 55-74.
- Déantar an scagthástáil inne i do bhaile féin.
- Féadfaidh scagthástáil inne athruithe san inne a aimsiú sula dtagann ailse uathu.
- Is é an aidhm le scagthástáil inne ailse inne a aimsiú go luath nuair is níos fusa a chóireáil.

Ár ngealltanas duit

- Beidh meas againn ar do phríobháideacht, dínit, creideamh, cine agus chreidimh chultúrtha.
- Déanfaimid seirbhísí agus áiseanna a shocrú, ionas gur féidir leat an tseirbhís a úsáid, riachtanais speisialta san áireamh.
- Coinneoimid taifid do scagthástála sábhailte agus faoi rún.
- Cuirfimid fáilte roimh do thuairimí agus cuirfimid san áireamh iad.
- Cuirfimid líne fhaisnéise agus thacaíochta Shaorghlao ar fáil le linn gnáthuaireanta oibre.
- Déanfaimid scagthástáil saor in aisce a thairiscint duit gach dhá bhliain nuair a bheidh tú 60-69 bliain d'aois, a luaithe is a bhíonn tú aitheanta ar an gclár.
- Cuirfimid faisnéis ar fáil le gach céim sa phróiseas scagthástála a mhíniú.
- Seolfaimid do phaca tástála baile, treoracha agus faisnéis chugat laistigh de chúig lá oibre ón am a gcuireann tú in iúl dúinn gur mian leat páirt a ghlacadh sa chlár.
- Déanfaimid do scagthástáil a scagadh i saotharlann a chomhlíonann ardchaighdeáin cháilíochta.
- Seolfaimid toradh do thástála chugat agus chuig do DG (dochtúir teaghlaigh) laistigh de cheithre seachtaine.

Má ghlacann tú páirt sa chlár scagthástála agus muna bhfuil toradh do thástála normalach

- Tairgfimid ionscópacht ar an drólann duit – is í sin scrúdú speisialta ar d'inne.
- Tairgfear ionscópacht ar an drólann duit laistigh de cheithre seachtaine ó mheasúnú a bheith déánta go bhfuil tú hoiriúnach.

Má bhíonn cóir leighis ag teastáil uait

- Cuirfimid in iúl duit go híogair agus go macánta.
- Déanfaimid an cóir leighis atá ar fáil duit a mhíniú.
- Spreagfaimid tú páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht faoin gcóir leighis a bheidh agat.
- Más é do thoil é, is féidir linn do pháirtí, cara no gaol a thabhairt isteach in aon díospóireachtaí.
- Tairgfimid obráid nó cóir leighis eile duit laistigh de 25 lá oibre i ndiaidh d'ionscópachta, más gá duit é.
- Tairgfimid tacaíocht duit ó altra, roimh d'ionscópacht agus le linn d'ionscópachta.
- Tá an ceart agat cóir leighis a dhiúltú, dara tuairim a fháil nó cóir leighis mhalartach a roghnú.

Bealaí inar féidir leat cuidiú linn

- Léigh aon fhaisnéis a sheolaimid chugat agus, má tá ceist ar bith agat, is féidir leat glaoch ar an líne Shaorghlao fhaisnéise agus thacaíochta.
- Lean na treoracha i do scagthástáil bhaile BowelScreen agus seol an scagthástáil ar ais chugainn laistigh de sheacht lá.
- Má tharchuirimid thú le haghaidh tuilleadh tástálacha, coinnigh am do choinne agus, más gá duit am do choinne a athrú, tabhair trí lá réamhfhógra.
- Inis dúinn má tá riachtanais speisialta agat is gá dúinn ullmhúcháin a dhéanamh ina leith.
- Inis dúinn má bhíonn seoladh nua agat.
- Tabhair dúinn do bharúil ar an tseirbhís agus ar an gcúram a fuair tú. Beidh do bharúlacha ina chuidiú linn an tseirbhís a fheabhsú duitse agus do dhaoine eile.

Saorghlao
1800 45 45 55
www.bowelscreen.ie

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

Tá tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála chuid d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cuimsíonn sé - BreastCheck – An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch, CervicalCheck – An Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs, BowelScreen – An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige agus Diabetic RetinaScreen – An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitineapaite Dhiaibéiteach.

CR-COM-007 Rev02